# Topaic 7: Buanna agus scileanna

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:*

| | |
|---|---|
| 7.1 | ~ ceist a chur ar dhuine an bhfuil sé/sí in ann rud éigin a dhéanamh agus an cheist sin a fhreagairt |
| 7.2 | ~ a rá cé chomh maith is atá tú ag rud éigin |
| 7.3 | ~ eolas faoi theangacha a lorg agus a thabhairt |
| 7.4 | ~ a rá cé chomh maith is atá teanga agat |
| 7.5 | ~ a rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin |
| 7.6 | ~ ceist a chur ar dhuine cé chomh maith is atá ag éirí leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt |
| 7.7 | ~ déileáil le deacrachtaí cumarsáide |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- Ceisteanna & freagraí san aimsir láithreach: ***An bhfuil clóscríobh agat? Tá /Níl.***
- An forainm réamhfhoclach ***ag***: ***agam, agat***
- Na réimíreanna ***ró*** agus ***an- : rómhaith, an-deacair***
- Aidiachtaí: ***furasta/éasca, deacair***
- An focal ***ceann***: ***ceann amháin, dhá cheann, trí cinn*** agus araile

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Scileanna: ***snámh, ceol, tiomáint, clóscríobh, scileanna ríomhaireachta …***
Cumas: ***maith, an-mhaith, cuíosach/measartha/réasúnta/sách maith***
Deacracht: ***furasta/éasca, deacair***
Teangacha: ***Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Béarla, Polainnis…***


## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | A rá cad iad na buanna atá aige/aici agus cad é chomh maith is atá sé/sí ag rudaí éagsúla. |
| Cluastuiscint | Ceisteanna simplí ag baint le cumas/scileanna a thuiscint; focail agus nathanna a thuiscint i gcomhrá faoi scileanna/chumas; déileáil le deacrachtaí cumarsáide. |
| Léamhthuiscint | Ainmneacha teangacha áirithe a aithint mar aon le focail agus nathanna a bhaineann le cumas. |
| Scríbhneoireacht | Cur síos simplí a scríobh faoina scileanna agus c(h)umas. |

© OÉ Má Nuad

## 7.1 Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil se/sí in ann rud éigin a dhéanamh agus ag freagairt na ceiste sin

**(A)** Múin an struchtúr agus foclóir chun cur síos ar scileanna.

**Gníomhaíocht 7.1(A): Scileanna: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 7.1(A): Scileanna** le húsáid ar an osteilgeoir nó déan cóip do gach duine sa rang.


***Gníomhaíocht:***

- Ag baint úsáide as **Bileog 7.1(A)**: **Scileanna**, múin an struchtúr agus foclóir chun cur síos ar scileanna.
- Déan cleachtadh ar na nathanna seo a leanas leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach á rá:

*Tá tiomáint ag Úna.*
*Tá scileanna ríomhaireachta ag Eoin.*
*Tá snámh ag Lara.*
*Tá ceol ag Daniel agus Pádraig.*
*Tá clóscríobh ag Eilís.*

**(B)** Múin an cheist agus na freagraí:

*An bhfuil snámh agat?* *Tá/Níl.*
*An bhfuil clóscríobh agat?* *Tá/Níl.*

**Gníomhaíocht 7.1(B): Scileanna an ranga: Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Cuir ceist ar dhaoine aonair sa rang faoi na scileanna atá acu:

*An bhfuil snámh agat?*
*Cad iad na scileanna atá agat?*

**(C)** Téigh siar ar ainmneacha na n-uirlisí ceoil a d'fhoghlaim an rang faoi **Thopaic 5: Caitheamh aimsire.**

- Déan cleachtadh ar na ceisteanna agus na freagraí:

*An seinneann tú uirlis?* *Seinnim/Ní sheinnim.*
*Cén uirlis a sheinneann tú?* *Seinnim an pianó/an giotár.*

© OÉ Má Nuad

(cibé uirlisí a sheinneann na foghlaimeoirí san áireamh.)

**Gníomhaíocht 7.1(C): Scileanna ceoil: Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang faoi na scileanna atá acu sa cheol:


  *An bhfuil ceol agat?*
  *An seinneann tú uirlis?*
  *Cén uirlis a sheinneann tú?*

**(D)** Cuir i gcuimhne don rang na ceisteanna a d'fhoghlaim siad i **dTopaic 3.4: An Teaghlach**:

  *An bhfuil páistí agat?*
  *Tá/Níl.  An bhfuil páistí agat féin/agatsa?*

- Mínigh dóibh go bhfuil an struchtúr céanna i gceist anois leis na ceisteanna seo a leanas:

  *An bhfuil tiomáint agat?*
  *Tá/Níl.  An bhfuil tiomáint agat féin/agatsa?*

**Gníomhaíocht 7.1(D): Obair bheirte: Comhrá**

***Réamhullmhúchán:***

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Fág **Bileog 7.1(A): Scileanna** ar an osteilgeoir chun cabhrú leis na foghlaimeoirí cuimhneamh ar na scileanna éagsúla.

***Gníomhaíocht:***

- Abair le gach beirt ceisteanna a chur ar a chéile faoi na scileanna atá acu.

  *An bhfuil tiomáint agat?*
  *Tá/Níl.  An bhfuil tiomáint agat féin?*

## 7.2 Ag rá cé chomh maith is atá tú ag rud éigin

**(A) Gramadach**

Téigh siar ar an dá rémír *ró-* agus *an-*, ag cur i gcuimhne don rang ar fhoghlaim siad i d**Topaic 4: Teach agus Lóistín**.

© OÉ Má Nuad

| | | |
|---|---|---|
| *daor* | *an-daor* | *ródhaor* |
| *saor* | *an-saor* | *róshaor* |

- Anois múin na nathanna seo a leanas dóibh nó cibé nath atá coitianta sa cheantar (furasta/éasca nó deacair/doiligh).

| | | |
|---|---|---|
| *maith* | *an-mhaith* | *rómhaith* |
| *deacair* | *an-deacair* | *ródheacair* |
| *éasca* | *éasca* | *ró-éasca* |

- Cad a thugann na foghlaimeoirí faoi deara, sna samplaí thuas, faoi na hathruithe a thagann ar an aidiacht i ndiaidh *an-* agus *ró-*?
    - Athraítear fuaim an chéad chonsan trí shéimhiú a chur air.
    - Ní chuirtear séimhiú ar *'d'* nó *'s'*tar éis *'an-'*.


- Abair leo éisteacht leat agus tú ag cur síos ar do chumas i gcúpla scil atá/nach bhfuil agat:

*Tá mé an-mhaith ag ceol.*
*Tá mé an-mhaith ag tiomáint freisin.*
*Níl mé rómhaith ag clóscríobh.*
*Níl mé rómhaith ag snámh.*

**(B)** Múin na nathanna seo a leanas don rang trí scála a tharraingt ar an gclár:

| | | |
|---|---|---|
| **1** ⇐ | **2** ⇐ | **3** ⇐ |
| *Tá mé ag foghlaim* | *Níl mé rómhaith* | *Tá mé measartha maith* |
| **4** ⇐ | **5** ⇐ | |
| *Tá mé go maith* | *Tá mé an-mhaith* | |

- Déan cleachtadh ar na nathanna thuas leis an rang go dtí go bhfuil siad muiníneach, compordach leo.

**Gníomhaíocht 7.2(C): Éamonn agus Siobhán: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip don osteilgeoir de **Bhileog 7.2(C): Éamonn agus Siobhán** nó déan cóip do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leis na foghlaimeoirí.
- Ansin, abair leis an rang éisteacht le hÉamonn ag caint faoi na scileanna atá aige féin agus ag Siobhán.

© OÉ Má Nuad

**Gníomhaíocht 7.2(D): Rólimirt: Caint**

***Réamhullmhúchán:***


- Déan cóipeanna de **Bhileog 7.2(D): Rólimirt** ionas go mbeidh **Rólchárta A** nó **Rólchárta B** ag gach duine sa rang.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair Rólchárta A do dhuine amháin agus Rólchárta B don duine eile.
- Mínigh dóibh gur cuid d'agallamh do phost atá i gceist leis an rólimirt seo.
- Abair leo an comhrá a chleachtadh le chéile.
- Nuair a bheidh an comhrá déanta uair amháin acu, ba cheart dóibh róil a mhalartú agus an comhrá a chleachtadh arís.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar chúpla beirt an comhrá a dhéanamh os comhair an ranga
- Déan súil siar nó athchleachtadh ar aon struchtúr a mbíonn deacrachtaí ag na foghlaimeoirí leo.

## 7.3 Eolas faoi theangacha a lorg agus a thabhairt

**(A)** Múin ainmneacha na bpríomhtheangacha a bhfuil cur amach ag an rang orthu.

**Gníomhaíocht 7.3(A): Tíortha agus Teangacha: Léamhthuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Téigh siar ar na tíortha a d'fhoghlaim an rang faoi **Thopaic 2: Cúlra agus Áit Chónaithe.**
- Bíodh an méid seo thíos scríofa ar thréshoilseán agat nó bíodh sé scríofa ar an chlár roimh thús an ranga.

| **Tíortha** | **Teangacha** |
|---|---|
| An Spáinn | Fraincis |
| An Iodáil | Polainnis |
| Sasana | Béarla |
| Éire | Gearmáinis |
| An Ghearmáin | Iodáilis |
| Ceanada | Spáinnis |
| An Fhrainc | Gaeilge |
| An Pholainn | |
| Meiriceá | |

- Má tá teanga dhúchais ag duine/daoine sa rang nach bhfuil sa liosta ar an mbileog, cuir leis an liosta.


© OE Má Nuad

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar gach duine iarracht a dhéanamh an tír a mheaitseáil leis an teanga/na teangacha.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta agus ceartaithe, iarr ar an rang aithris a dhéanamh ort agus tú ag fuaimniú na dteangacha go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach á rá.

**(B)** Déan súil siar ar úsáid na réamhfhocal *'i': i/in, sa/san/sna.*

*Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh/i mBaile Átha Cliath/ in Éirinn.*
*Tá mé i mo chónaí sa Spáinn/san Iodáil.*



**Gníomhaíocht 7.3(B): Tíortha agus Teangacha arís: Gramadach**

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar an rang éisteacht leat ag rá:

| | |
|---|---|
| *Sasana:* | *Labhraítear Béarla i Sasana.* |
| *Ceanada:* | *Labhraítear Fraincis agus Béarla i gCeanada.* |
| *Éire:* | *Labhraítear Gaeilge agus Béarla in Éirinn.* |
| *An Fhrainc:* | *Labhraítear Fraincis sa Fhrainc.* |
| *An Ghearmáin:* | *Labhraítear Gearmáinis sa Ghearmáin.* |
| *Albain:* | *Labhraítear Gàidhlig agus Béarla in Albain.* |
| *An Pholainn:* | *Labhraítear Polainnis sa Pholainn.* |
| *An Iodáil:* | *Labhraítear Iodáilis san Iodáil.* |
| *Meiriceá:* | *Labhraítear Béarla agus Spáinnis i Meiriceá.* |

- Cad a thugann siad faoi deara?
- Na tíortha gan *an* mar chuid den ainm, cuirtear *i* leo agus cuirtear urú ar ainm na tíre más féidir: *i gCeanada.*
- Ní féidir urú a chur ar ainm tíre a thosaíonn in L/M/N/R/S: *i Sasana.*
- Úsáidtear *in* le tír nach bhfuil *an* mar chuid den ainm agus a dtosaíonn an t-ainm le guta: *in Éirinn.*
- Úsáidtear *sa* le tíortha a bhfuil *an* mar chuid den ainm: *sa Fhrainc, sa Spáinn.*
- Úsáidtear *san* má thosaíonn ainm na tíre le guta agus *an* roimhe: *san Iodáil*.
- Scaip cóipeanna de **Bhileog 7.3(B) Cén teanga a labhraítear i Sasana**? ar na foghlaimeoirí.
- Cuir ceisteanna cosúil leis na cinn thíos ar dhaoine éagsúla sa rang.

*Cén teanga a labhraítear sa Fhrainc?*
*Cad iad na teangacha a labhraítear i gCeanada?*

© OÉ Má Nuad



**Gníomhaíocht 7.3(C): Cén teanga a labhraítear sa tír seo?: Caint**

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar dhuine sa rang (Foghlaimeoir A) ceist a chur ar dhuine eile sa rang (Foghlaimeoir B) faoina rogha tíre as an liosta:

  *Cén teanga a labhraítear i/in/sa/san…?*

- Nuair atá freagra tugtha ag Foghlaimeoir B, cuireann Foghlaimeoir B ceist ar Fhoghlaimeoir C.
- Mar sin ar aghaidh go dtí go bhfuil dóthain cleachtaidh faighte ag an rang ar an bhfoclóir.

**(D)** Múin an cheist agus na freagraí seo a leanas:

*An bhfuil Fraincis/Béarla/Gearmáinis agat?    Tá/Níl.*

**(E)** Téigh siar ar conas comhaireamh leis an bhfocal *'ceann'*.

- Cuir i gcuimhne don rang a ndearna siad i d**Topaic 4: Teach agus Lóistín**:


  *Cé mhéad seomra codlata sa teach?        Trí cinn.*

- Déan cleachtadh ar na nathanna seo thíos:

  *ceann amháin, dhá cheann, trí cinn, ceithre cinn, cúig cinn, sé cinn*

- Múin an cheist agus an freagra:

  *Cé mhéad teanga atá agat?   Dhá cheann/Trí cinn.*



**Gníomhaíocht 7.3(E): Cleachtadh ranga agus cleachtadh beirte**

***Réamhullmhúchán:***

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna (A agus B).

***Gníomhaíocht:***

- Léirigh an ghníomhaíocht don rang mar seo a leanas:
  - Cuir ceisteanna mar seo a leanas ar dhuine amháin sa rang:
    *An bhfuil Fraincis /Spáinnis /Iodáilis…agat?*
  - *Cé mhéad teanga atá agat?*
  - *Cad iad na teangacha ar fad atá agat?*
- Ina mbeirteanna anois, cuireadh gach A na ceisteanna thuas ar B, B ag freagairt agus ag cur ceiste ar ais:
  *An bhfuil Fraincis agat féin?  Cé mhéad teanga atá agat féin?  Cad iad na teangacha ar fad atá agat féin?*

© OÉ Má Nuad

- Leanadh gach A ar aghaidh chun cleachtadh leis an gcéad B eile.

## 7.4 Ag rá cé chomh maith is atá teanga agat

**(A)** Cuir suas ar an gclár/osteilgeoir an scála cumais seo a leanas:


**0---------------------------------1--------------------------------2------------------------**

*Níl Fraincis ar bith agam* *Níl ach cúpla focal agam* *Tá beagán Fraincise agam*


**3---------------------------------------4--------------------------------5---------------------**
*Tá Fraincis measartha maith agam* *Tá Fraincis mhaith agam* *Tá Fraincis líofa agam*

- Déan cleachtadh ar na nathanna thuas go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach leo.
- Ansin, déan cleachtadh ar na nathanna céanna le teangacha eile in áit na Fraincise.

**(B) An aidiacht**

**Gníomhaíocht 7.4(B): An aidiacht bhaininscneach: Gramadach**
***Gníomhaíocht:***
- Abair leis an rang éisteacht leat agus tú ag rá:

  *Fraincis mhaith, Gearmáinis mhaith, Iodáilis mhaith, Gaeilge mhaith.*
- Cad a thugann siad faoi deara faoin aidiacht *'maith'*?
- Mínigh dóibh go bhfuil na teangacha go léir a chríochnaíonn in *'-is'* baininscneach agus mar sin go mbíonn séimhiú san aidiacht ina ndiaidh: *Fraincis mhaith, Gearmáinis mhaith.*
- Focal baininscneach é *Gaeilge* freisin: *Gaeilge mhaith.*
- Focal firinscneach é *Béarla*: *Béarla maith.*

**Gníomhaíocht 7.4(C): Cumas teanga: Cleachtadh beirte**
***Réamhullmhúchán:***
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de bheirt, A ag cur na gceisteanna agus B ag tabhairt na bhfreagraí.


***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar lucht A ceist a chur ar lucht B faoin gcumas atá acu sna teangacha atá ar eolas acu.

© OÉ Má Nu

- Nuair atá siad réidh, thig le A dul ar aghaidh agus cleachtadh leis an gcéad B eile.
- Nuair atá dóthain cleachtaidh déanta acu air sin, ba cheart dóibh róil a mhalartú B ag cur na gceisteanna agus A ag tabhairt na bhfreagraí.

  Mar shampla:

  A: *An bhfuil Gaeilge agat?*
  B: *Tá cúpla focal agam. Tá mé ag foghlaim Gaeilge faoi láthair.*
  A: *An bhfuil Béarla agat?*
  B: *Tá Béarla líofa agam.*

**Gníomhaíocht 7.4(D): Suirbhé: Caint/Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip amháin de **Bhileog 7.4(D): Suirbhé** do gach cúigear sa rang.
- Tá spás ar an bhileog chun gur féidir leat teangacha eile atá ag na foghlaimeoirí a scríobh isteach.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de chúigear.

***Gníomhaíocht:***

- Bíodh ceannaire i ngach grúpa a scríobhann síos na freagraí ar **Bhileog 7.4(D): Suirbhé**.
- Thig leis an gcéad duine an dara duine a cheistiú, an dara duine an tríú duine a cheistiú agus mar sin ar aghaidh.
- Ceisteanna:

  *An bhfuil Béarla agat?*
  *An bhfuil Gaeilge agat?*
  *An bhfuil Fraincis agat?*
- Freagraíonn gach foghlaimeoir, ag insint cén cumas atá acu sa teanga sin.
- Mar sin síos an liosta teangacha atá ar **Bhileog 7.4(D): Suirbhé**.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe ba cheart don cheannaire tuairisc a thabhairt don rang faoi na torthaí, mar shampla:

  *Sa ghrúpa seo tá Béarla líofa ag triúr agus Béarla sách maith ag beirt. Tá an cúigear againn ag foghlaim Gaeilge* agus araile.

## 7.5 A rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin

**(A)** Múin na nathanna seo a leanas don rang trí scála a tharraingt ar an gclár:

*Tá sé ródheacair ⇐⇐ Tá sé an-deacair ⇐⇐ Tá sé furasta/éasca go leor ⇐⇐ Tá sé an-fhurasta/éasca*

- Déan cleachtadh ar na nathanna go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach leo.

© OÉ Má Nuad

- Cuir na ceisteanna seo a leanas ar dhaoine aonair:

  *Tá tú ag foghlaim Gaeilge. An bhfuil sé deacair nó éasca?*
  *An bhfuil Béarla deacair nó éasca le foghlaim?*
  *An bhfuil Fraincis deacair nó éasca le foghlaim?*




**Gníomhaíocht 7.5(A): Tuairimí: Scríobh**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 7.5(A): Tuairimí** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang a dtuairimí a scríobh faoi cé chomh deacair is atá an scil/teanga i ngach cás.




**Gníomhaíocht 7.5(B): Súil siar: Cluastuiscint/Caint/Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***

Déan cóip de **Bhileog 7.5(B): Súil siar** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang éisteacht le Rónán agus Deirbhile ag cur síos ar na scileanna atá acu.
- Caithfidh an rang √ nó X a chur in aice le gach scil, ag léiriú go bhfuil/nach bhfuil an scil sin ag Rónán nó ag Deirbhile.
- Nuair atá an ghreille líonta isteach do Rónán agus do Dheirbhile, déan an ghníomhaíocht a cheartú.
- Ansin, abair le gach duine sa rang an ghreille a líonadh isteach dóibh féin.
- Ansin iarr orthu ceist a chur ar an duine in aice leo agus an ghreille a líonadh isteach dó/di.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, ba cheart dóibh cúpla abairt a scríobh sa spás ag bun na bileoige ag déanamh cur síos simplí ar na scileanna atá ag an duine ar labhair siad leis/léi. Iarr ar roinnt acu an méid a scríobh siad a léamh amach. Déan aon cheartúchán is gá.



**Gníomhaíocht 7.5(C): Rónán agus Deirbhile: Léamhthuiscint**

***Réamhullmhúchán:***


- Bíodh cóip de **Bhileog 7.5(C): Súil siar (Rónán agus Deirbhile)** ag gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang éisteacht le Rónán agus Deirbhile arís ag cur síos ar na scileanna atá acu agus an téipscript a léamh ag an am céanna.

© OÉ Má Nuad

- Iarr ar gach duine sa rang abairt amháin as an téipscript a léamh os ard, duine i ndiaidh a chéile agus abairt i ndiaidh a chéile.



**Gníomhaíocht 7.5(D): Líon na bearnaí: Léamhthuiscint**


***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 7.5(D): Líon na bearnaí** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang na rudaí seo a leanas a léamh:
  *(a) an ríomhphost ó Shiobhán chuig Bean Uí Chearúil*
  *(b) an freagra a fuair Siobhán ó Bhean Uí Chearúil*

- Caithfidh na foghlaimeoirí na bearnaí a líonadh ag baint úsáide as an stór focal ag bun na bileoige.
- Agus tú ag ceartú na gníomhaíochta, iarr ar roinnt fhoghlaimeoirí abairtí a léamh agus a rá cén focal/cad iad na focail a chuir siad sna bearnaí.



**Gníomhaíocht 7.5(E): Foirm iarratais do chlub leabhar: Scríobh**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 7.5(E): Foirm iarratais do chlub leabhar** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang an fhoirm a chomhlánú dóibh féin.

## 7.6 Ag cur ceiste ar dhuine cé chomh maith is atá ag éirí leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin

**(A)** Múin an cheist agus na freagraí seo a leanas don rang:

*Conas atá ag éirí leat?*
*Tá ag éirí go maith liom.*
*Níl ag éirí go rómhaith liom.*
*Maith go leor.*

- Déan cleachtadh ar na nathanna go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach leo.
- Cuir ceist ar dhaoine aonair: *Tá tú ag foghlaim Gaeilge. Conas atá ag éirí leat?*
- Tá gach duine ag foghlaim Gaeilge pé scéal é ach tá seans maith go bhfuil cuid den rang ag foghlaim scileanna eile freisin.
- Múin an cheist: *An bhfuil tú ag foghlaim scil nua eile? Tá/Níl.*

© OÉ Má Nuad


**Gníomhaíocht 7.6(A): Scileanna nua: Obair bheirte**

***Réamhullmhúchán:***

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna, A agus B.

***Gníomhaíocht:***

- Iarr orthu ceist a chur ar a chéile faoi aon scil nua atá á foghlaim acu:
  *An bhfuil tú ag foghlaim scil nua? An bhfuil tú féin ag foghlaim scil nua?*
  *Conas atá ag éirí leat? Conas atá ag éirí leat féin?*
- Abair le gach A dul ar aghaidh deiseal chun cleachtadh leis an gcéad B eile.

**Gníomhaíocht 7.6(B): Foghraíocht: '*o*' v. '*ó*'**


***Réamhullmhúchán:***

- Scríobh na focail sa liosta thíos ar an gclár nó ar bhileog don osteilgeoir.

***Gníomhaíocht:***

- Abair leis an rang éisteacht leis an nguth ar an DD nó tú féin ag rá na bhfocal thíos:
  *mo, do, toil, orm, ocht, obair*
- Ansin abair leis an rang éisteacht leis an nguth ar an DD nó tú féin ag rá na bhfocal thíos:
  *cló, leor, ceol, brón, rómhaith, foghlaim, feadóg, óstán, cócaireacht*
- Cad a thugann siad faoi deara faoi fhuaimniú na litreacha '*o*' agus '*ó*'?
- '*Síneadh fada*' a thugtar ar an gcomhartha os cionn an '*o*' san fhocal '*brón*', mar shampla.
- Is comhartha é go bhfuil fad leis an bhfuaim sin san fhocal.
- Fuaimnítear an litir 'o' mar 'ó' i roinnt focal mar *ceol, leor.*

## 7.7 Déileáil le deacrachtaí cumarsáide

**Gníomhaíocht 7.7(A): Deacrachtaí cumarsáide: Caint**

***Réamhullmhúchán:***


- Déan cóip de **Bhileog 7.7(A): Deacrachtaí cumarsáide: Caint** do gach duine sa rang

***Gníomhaíocht:***

- Déan an t-agallamh beirte ar **Bhileog 7.7(A): Deacrachtaí cumarsáide** a chleachtadh leis an rang, iadsan ag éisteacht leat agus ansin ag déanamh aithrise ort.
- Ansin, cuir ag obair i mbeirteanna iad, A agus B, agus iarr orthu cleachtadh a

© OÉ Má Nuad

dhéanamh ar an agallamh, lucht A an múinteoir agus lucht B an foghlaimeoir.
- Ba cheart dóibh róil a mhalartú nuair atá siad réidh.
- Ar aghaidh le lucht A ansin deiseal go B eile agus cleachtadh arís ar an dóigh céanna.


**Gníomhaíocht 7.7(B): Deacrachtaí cumarsáide: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 7.7(B): Deacrachtaí cumarsáide: Cluastuiscint** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo éisteacht leis na ceisteanna ar an DD agus tic a chur leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Gníomhaíocht 7.7(C): Deacrachtaí cumarsáide: Obair ranga**

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair deis don rang na ceisteanna a bhaineann le deacrachtaí cumarsáide a chleachtadh leat mar shaorchomhrá.
- Mar shampla:

  Foghlaimeoir 1: *Cad a chiallaíonn 'cumarsáid'?*
  Foghlaimeoir 2: *An bhféadfá 'deacair' a litriú?*

© OÉ Má Nuad